| An tSraith Shinsearach Grafaic Dheartha agus Chumarsáide | Meitheal Forbartha – Cruinniú 7<br>An 30 Aibreán 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte ón gCathaoirleach, miontuairiscí na gcruinnithe deiridh** | Rinneadh plé ar mhiontuairiscí an chruinnithe deiridh agus glacadh leo. |
| **An Nuacht is Déanaí** | Tugadh nuashonruithe maidir leis an gcomhairliúchán poiblí ar na dréachtsonraíochtaí do Theicneolaíocht Foirgníochta agus Innealtóireacht na hArdteistiméireachta. |
| **Iniúchadh a dhéanamh ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis sa Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide** | Lean na baill lena bplé maidir leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, ag díriú ar phríomhcheisteanna amhail ualach measúnaithe, ualú, uainiú, agus an bhéim ar fhoghlaim an scoláire. Chomh maith leis sin, rinne an mheitheal iniúchadh ar cad a bheadh i gceist le fadhb dearaidh oiriúnach do scoláire sa séú bliain ag tabhairt faoi Ghrafaic Dheartha agus Chumarsáide, agus an leibhéal cuí dúshláin agus ábharthachta á mheas acu. |
| **Tuilleadh forbartha ar Struchtúr na Snáitheanna** | Rinne an mheitheal trí dhréachtsnáithe a mheas agus rinne siad iniúchadh ar<br>an bhfoghlaim is ábhartha agus is tábhachtaí don scoláire. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** An 13 Bealtaine 2025 |